Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 6



## A aithint nuair a úsáidtear stéiréitíopáil sna meáin

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann a aithint nuair a úsáidtear stéiréitíopáil sna meáin chumarsáide. |
| **Toradh Foghlama** | Déan cur síos ar cad is stéiréitíopáil ann agus a thuiscint conas a úsáidtear é sna meáin chumarsáide chun beartú ar bhoinn tuisceana faoi ghrúpaí áirithe. Úsáid steiréitíopaí a aithint agus an tionchar a bhíonn ag ró-úsáid na stéiréitíopála sna meáin chumarsáide. |
| **Nótaí an Mhúinteora** | Chun dul i bhfeidhm ar ghrúpa áirithe, beartaíonn na daoine a chruthaíonn na meáin agus an fhógraíocht cén chuma atá ar an ngrúpa a mbeidh siad ag spriocdhíriú orthu agus conas mar a iompraíonn an grúpa sin iad féin. Tugtar stéiréitíopáil ar lipéadú a dhéanamh ar ghrúpa áirithe daoine a bhfuil sraith saintréithe agus pearsantachtaí acu atá cosúil agus a dtaitníonn na nithe céanna leo. An fhadhb a bhaineann le stéiréitíopáil a choinneáil ná go gcaithfear glacadh le boinn tuisceana faoi ghrúpa daoine, agus é sin a chur in iúl sna meáin agus déantar é sin a dhaingniú má fheiceann daoine é sna meáin. Is féidir linn tuairimí a mhúnlú bunaithe ar bhonn tuisceana. Féadfaidh grúpaí a ndearnadh stéiréitíopáil orthu iad féin a fheiceáil mar sin mar go bhfuil an dearcadh sin ag an bpobal ina leith. |
| **Acmhainní** | • Gníomhaíocht 6.1<br>• Gníomhaíocht 6.2 |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus plé – Steiréitíopaí sna meáin; Imeacht ó Stéiréitíopaí<br>• Foghlaim ghníomhach – Déan é mar Dhráma<br>• Comharfhoghlaim – Díospóireacht maidir le Stéiréitíopáil<br>• Scileanna trí mheán an ábhair – An Cluiche Peile |

Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 6



## Cur Chuige

**Céim 1: Déan é mar Dhráma**

- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun cluiche a imirt.
- Mínigh dóibh go bhfuil tú chun sraith gairmeacha a ainmniú agus go mbeidh ar na leanaí aisteoireacht a dhéanamh ar an ngairm sin chun an ghairm nó an post a léiriú don rang.
- Is féidir leo an ghníomhaíocht a dhéanamh ina dtost ach leas a bhaint as geáitsíocht choirp agus gothaí gnúise chun na steiréitíopaí de na daoine seo a leanas a chur in iúl:
  - Máthair ghnóthach
  - Imreoir peile
  - Múinteoir
  - Dearthóir cluichí ríomhaireachta
  - Comhraiceoir dóiteáin
  - Popamhránaí
  - Glantóir
  - Gairneoir
  - Oibrí oifige
  - Athair gnóthach
  - Príomhchócaire
  - Sárlaoch
  - Garda.
- Tar éis an chluiche, iarr ar na leanaí a mhíniú cá bhfuair siad an t-eolas ar bhunaigh siad na carachtair air?

*Seans go luafaidh siad gur shamhlaigh siad na daoine sin nó go bhfuil aithne acu ar dhaoine a ndearna siad aithris orthu nó go bhfaca siad iad i scannáin nó i gcláir theilifíse.*

- Mínigh do na leanaí go bhfuil a lán dá gcarachtair an-chosúil leis an bhfíorshaol – múinteoirí ag múineadh, comhraiceoirí dóiteáin ag comhrac dóiteáin, sárlaoch ag eitilt.
- Inis do na leanaí gur féidir gur steiréitíopaí iad na dearcthaí atá acu i leith daoine áirithe sa tsochaí.
- Mínigh do na leanaí go dtugtar stéiréitíopáil ar lipéadú a dhéanamh ar ghrúpa áirithe daoine a bhfuil saintréithe agus pearsantachtaí comhchosúla acu agus a dtaitníonn/nach dtaitníonn na nithe céanna leo.
- Is éard is stéiréitíopáil ann lipéad a chur ar ghrúpa daoine bunaithe ar bhoinn tuisceana.
- Inis do na leanaí gur minic a úsáidtear stéiréitíopáil sna meáin chumarsáide agus san fhógraíocht.
- Mínigh dóibh go mbeartaíonn cruthaitheoirí na meán agus na fógraíochta ar cén chuma a bheidh ar ghrúpa ar leith agus conas mar a iompraíonn an grúpa sin iad féin. Uaireanta bíonn an bonn tuisceana réadúil, ach uaireanta ní bhíonn.
- Fiafraigh de na leanaí:
  - An bhfuil gach buachaill spórtúil?
  - An maith le gach cailín bábóga?
  - An mbíonn gach naíonán de shíor ag caoineadh agus ag codladh?
  - An bhfuil gach déagóir cantalach?
  - An mbíonn gach duine scothaosta leochaileach?
- Mínigh dóibh go ndéanann na meáin chumarsáide na híomhánna de na róil agus na stéiréitíopaí sin a dhaingniú ar an teilifís, i scannáin nó ar líne. Mar shampla ní gá go gcaithfeadh gach duine atá cliste spéaclaí, ní gá go mbeadh gach leasmháthair gránna, is féidir le daoine scothaosta ríomhairí a úsáid, agus mar sin de.


Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 6



## Cur Chuige ar lean

**Céim 2: Stéiréitíopaí sna Meáin**




Gníomhaíocht 6.1

- Iar ar na daltaí a machnamh a dhéanamh ar scannáin a dhéantar le haghaidh leanaí.
- Seans go luafaidh siad scannáin amhail Frozen, Toy Story, Transformers, The Avengers, Star Wars.
- Iarr orthu cur síos a dhéanamh ar na príomhcharachtair atá sna scannáin sin.
- Seans go luafaidh na leanaí carachtair atá ina mbanphrionsaí/ina gcailleacha/ina sárlaochra/ ina mbithiúnaigh.
- Fiafraigh de na leanaí:
  - Cá mhéad bancharachtar atá sa scannán?
  - Cá mhéad carachtar fireann atá sa scannán?
  - An bhfuil na carachtair níos óige nó níos sine?
  - An bhfuil na carachtair faoi mhíchumas?
  - An dtagann na carachtair ó chúlraí measctha?
  - An bhfuil aon charachtair aeracha ann?
  - An bhfuil carachtair ó thíortha éagsúla ann?
  - An bhfuil siad pósta, scartha, colscartha?
  - Cé hé nó hí an sárlaoch?
  - Conas a iompraíonn an sárlaoch é nó í féin?
- Iarr ar na leanaí cur síos a dhéanamh ar aon stéiréiptíopaí a fheiceann siad sna scannáin.
- Ag úsáid Ghníomhaíocht 6.1 is féidir leis na leanaí ceithre charachtar a roghnú ó scannáin nó ó chláir theilifíse agus a bheartú an ndearnadh stéiréitíopáil ar an gcarachtar sin nó nach dearnadh.

**Céim 3: An Díospóireacht maidir le Stéiréitíopáil**




Gníomhaíocht 6.2

- Molfaidh an múinteoir díospóireacht ranga ar aon cheann de na rúin seo a leanas:
  - Tá scannáin a chruthaítear le haghaidh leanaí lán de steiréitíopaí
  - Is sárlaochra níos fearr iad buachaillí ná cailíní
  - Ba chóir go gcaithfí le gach duine leis an meas céanna is cuma cén cúlra nó cad iad na cumais atá acu
  - Ba chóir caitheamh le daoine ar bhonn éagsúil má tá siad éagsúil.
- I mbeirteanna, i ngrúpaí nó i bhfoirne roghnóidh na leanaí taobh amháin – i bhfabhar nó i gcoinne an rúin. Is féidir leo leas a bhaint as Gníomhaíocht 6.2 chun cuidiú leo struchtúr a chur ar a ndíospóireacht.
- Ba chóir go dtabharfaí dóthain ama cainte do gach taobh den rún ionas gur féidir leo a ndearcadh a chur in iúl, agus ba chóir go dtabharfaí an deis dóibh freagairt d'argóintí an fhreasúra ag deireadh na díospóireachta. Féadfaidh grúpaí éagsúla rúin éagsúla a roghnú.
- Spreagfaidh an múinteoir na leanaí a ndearcthaí a chur in iúl. Lig dóibh easaontú agus frithargóintí a dhéanamh.
- Ag deireadh na díospóireachta, mínigh dóibh cé go mb'fhéidir go bhfuil dearcadh éagsúil acu óna chéile go bhfuil gach dearcadh luachmhar.

## Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 6



## Cur Chuige ar lean

**Céim 4: An Cluiche Peile**

- Abair leis na leanaí go bhfuil tú chun scéal a insint dóibh mar gheall ar chluiche peile.

**An Cluiche Peile**

Bhí Conor agus Jack ag fágáil na scoile lena chéile. Bhí Conor ag stiúradh chathaoir rothaí Jack agus bhí mála Conor ar a ghlúine ag Jack. Bhí siad ag cur is ag cúiteamh faoina lá ar scoil. D'fhoghlaim siad ón múinteoir cad ba bhrí le stéiréitíopáil. "Cad atá beartaithe agat don tráthnóna Conor?" a d'fhiafraigh Jack. "Táim chun dul agus breathnú ar mo mhamó ag imirt sacair, agus ansin glacfaimid go léir béile i mo theach," arsa Conor. Bhí mearbhall ar Jack: "Imríonn do mhamó sacar? Níor mheas mé go n-imríonn daoine scothaosta spóirt?" Thosaigh Conor ag gáire: "Jack, níl ann ach steiréitíopa, mar a d'fhoghlaim muid inniu ar scoil. Tá mo mhamó ar an imreoir sacair is fearr ar an bhfoireann. Samhlaigh dá ndéarfadh duine leat nach mbeadh cead agat cispheil a imirt mar go bhfuil tú i gcathaoir rothaí." Thosaigh Jack ag gáire: "Sea, tá an ceart go léir agat. Táim an-mhaith ag an gcispheil is fíor. Is amhlaidh go bhfuil níos mó steiréitíopaí ann ná mar a cheap mé." De réir mar a lean siad ar aghaidh lena n-aistear abhaile dúirt Conor, "Deir mo mhamó i gcónaí gur ann do steiréitíopaí ionas gur féidir iad a bhriseadh. Measaim go bhfuil an ceart go léir aici." Níos déanaí san iarnóin bhí Jack in éineacht le Conor agus iad ag seasamh ar thaobh na páirce ag béicíl ar son Mhamó agus í ag imirt sacair. Bhuaigh a foireann 3–1.

- Fiafraigh de na leanaí an raibh aon stéiréitíopáil sa scéal?
- Fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad riamh stéiréitíopáil ina saol féin?
- Mínigh dóibh nach bhfuil sé de cheart ag aon duine, an tionscal fógraíochta san áireamh, a insint dóibh cad ba chóir dóibh a dhéanamh, a chaitheamh nó cad iad na nithe ba chóir dóibh taitneamh a bhaint astu.
- Mínigh dóibh go bhfuil steiréitíopaí bunaithe ar bhoinn tuisceana, agus gur féidir le boinn tuisceana a bheith an-mhícheart.
- Seans nach n-aithneodh grúpaí atá steiréitíopáilte iad féin mar steiréitíopaí – mar shampla ní gá go samhlódh duine scothaosta go bhfuil sé nó sí sean agus seans fiú go gceapfaidís go bhfuil siad óg.
- Féadfaidh ró-úsáid steiréitíopaí sna meáin tionchar a bheith aige ar an gcaoi a ndearcann an pobal ar ghrúpaí sóisialta áirithe ar bhealaí diúltacha.

**Céim 5: Steiréitíopaí a Bhriseadh**

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gurb é atá i gceist le stéiréitíopáil na boinn tuisceana a bhíonn ag daoine áirithe faoi dhaoine eile.
- Mínigh dóibh gur féidir steiréitíopaí a bhriseadh.
- Fiafraigh de na leanaí conas a d'fhéadfaí imeacht ó stéiréitíopaí?
- Mínigh do na leanaí gurb é an bealach is fearr imeacht ó steiréitíopa ná aithne a chur ar dhuine éigin, nó aithne a chur ar dhaoine ó chúlraí éagsúla agus le stíleanna maireachtála éagsúla.
- Nuair a bhíonn aithne agat ar dhuine éigin, ní bhíonn aon tionchar ag stéiréitíopáil ort a thuilleadh.
- Tabhair an dúshlán do na leanaí steiréitíopa amháin a bhriseadh an tseachtain seo.

**Céim 6: Déan é mar Dhráma**

- Iarr ar na leanaí a machnamh a dhéanamh ar conas mar a bheadh na scannáin nó na scéalta seo a leanas dá mba rud é gur athraíodh na hinscní, mar shampla dá mba rud é gur buachaillí iad Mulan (Mulan de chuid Disney') nó Ariel (ó The Little Mermaid de chuid Disney), nó dá mba rud é gur cailíní iad Mughlai (ó The Jungle Book de chuid Rudyard Kipling) nó Spiderman.
- I mbeirteanna nó i ngrúpaí iarr ar na leanaí aisteoireacht a dhéanamh ar scannán, ar leabhar nó ar chlár teilifíse agus ról an charachtair a athrú ó bhuachaill go cailín, o shean go hóg, ó dhuine le gnáthchumas go duine faoi mhíchumas.
- Iarr ar na leanaí na hathruithe a phlé agus conas mar a rachadh sé sin i bhfeidhm ar a gcarachtair.
- Spreag na leanaí chun tobchumadóireacht a dhéanamh ar radharc as scannán, as leabhar nó ó chlár teilifíse leis na carachtair athraithe iontu.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht i gcrích fiafraigh de na leanaí conas mar a mhothaigh siad faoi striréitíopaí na gcarachtar sa scannán, sa leabhar nó sa chlár teilifíse a bhriseadh?